

Seirbhísí Aeir na nOileán

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar thuairisc ar ball faoi na seirbhísí aeir a chuireann Aer Árann ar fáil do mhuintir an Iarthair.

(a) Sula bhféachann sibh ar an tuairisc, déan féin agus an duine in aice leat iarracht an leagan Gaeilge de na focail seo atá le cloisteáil inti a chur ar fáil.

- | | |
|-----------------------------|-------|
| 1) as part of the campaign | _____ |
| 2) public representatives | _____ |
| 3) that they would support | _____ |
| 4) to convince | _____ |
| 5) it will put us back | _____ |
| 6) I have no demand for | _____ |
| 7) east | _____ |
| 8) I'm serious about that | _____ |
| 9) hopeful | _____ |
| 10) for the people of Árann | _____ |
| 11) delegation | _____ |

(b) Anois féachaigí ar an tuairisc agus faighigí amach an raibh an ceart agaibh.

Ceist 2 Athscríobh, in aon abairt amháin, na tuairimí a chuir na daoine seo a leanas in iúl:

Pádraig Ó Fátharta
Pádraig Ó Catháin
Mairéad Pól
Cáit Uí Fhlatharta

Ceist 3 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat:

- 1) Cén fáth a bhfuil imní ar mhuintir Árann faoi sheirbhísí Aer Árann?
- 2) Cé atá ag tabhairt tacaíochta do mhuintir na nOileán?
- 3) Cén dochar a dhéanfaidh sé do na hoileáin dá gcuirfí deireadh leis an tseirbhís aeir, dar leat?

Ceist 4 ‘...**Samhain**...’

(a) Féach ar mhíonna na bliana:

Eanáir	Iúil
Feabhra	Lúnasa
Márta	Meán Fómhair
Aibreán	Deireadh Fómhair
Bealtaine	Samhain
Meitheamh	Nollaig

- (b) Cuir an focal ‘mí’ roimh na míonna anois. Bí cúramach áfach, leanann an tuiséal ginideach é.

Eanáir _____	Iúil _____
Feabhra _____	Lúnasa _____
Márta _____	Meán Fómhair _____
Aibreán _____	Deireadh Fómhair _____
Bealtaine _____	Samhain _____
Meitheamh _____	Nollaig _____

- (c) Cad a tharlaíonn nuair a chuireann tú an focal ‘de’ roimh an fhocal ‘mí’?

- (d) Scríobh amach do bhreithlá i bhfocail.

Cuir ceist ar chúigear eile sa rang cén breithlá atá acu agus scríobh amach i bhfocail iad.

Ceist 5 ‘...bheadh...’

- (a) Éist leis an mhír arís agus breac síos gach sampla den mhodh coinníollach a chloiseann tú. Cad a bhí ag an duine in aice leat?

- (b) Ag obair leis an duine in aice leat, breacaigí síos na deirí de na briathra seo a leanas sa mhodh coinníollach:

Cuir	Tarlaigh	Bí	Faigh
-------------	-----------------	-----------	--------------

- (c) Cad is féidir libh a rá faoi **má** agus **dá**?

Ceist 6 ‘...cruinnigh...’ agus ‘...cruinniú...’

Féach ar na briathra seo a bhí sa mhír. An féidir leat ainmfhocal a chumadh a bhfuil an fhréamh chéanna aige leis na briathra?

Freastail:	_____
Geall:	_____
Cuir:	_____
Smaoinigh:	_____
Tacaigh:	_____
Pléigh:	_____

Freagraí

Ceist 1

- | | |
|-----------------------------|-----------------------------------|
| 1) as part of the campaign | <i>mar chuid den fheachtas</i> |
| 2) public representatives | <i>ionadaithe pobail / poiblí</i> |
| 3) that they would support | <i>go dtacóidís</i> |
| 4) to convince | <i>le cur ina luí ar</i> |
| 5) it will put us back | <i>cuirfidh sé siar muid</i> |
| 6) I have no demand for | <i>níl aon éileamh agam air</i> |
| 7) east | <i>thoir</i> |
| 8) I'm serious about that | <i>tá mé dáiríre faoi sin</i> |
| 9) hopeful | <i>dóchasach</i> |
| 10) for the people of Árann | <i>ar son mhuintir Árann</i> |
| 11) delegation | <i>toscaireacht</i> |

Ceist 2

Pádraig Ó Fátharta: Beidh eagla ar mhuintir na n-oileán ó thaobh sláinte de go háirithe má bhíonn leanaí óga nó seandaoine acu sa bhaile, dá dtitfeadh aon ní amach nach mbeadh na seirbhísí ann le hiad a thabhairt chun an ospidéal.

Pádraig Ó Catháin: Go gcuirfeadh siar na hoileáin céad bliain má chuirtear na seirbhísí aeir ar ceal.

Mairéad Ó Pól: Taitníonn an t-eitleán níos fearr léi toisc go mbíonn tinneas farraige uirthi. Is maith léi dul chun na Gaillimhe agus is féidir léi é sin a dhéanamh go furasta anois ar an eitleán.

Cáit Uí Fhlatharta:

Ní fhanfaidh sí ar an oileán mura mbeidh na seirbhísí aeir ann. Chaití an iomarca ama ar na báid ag dul chun na scoile fadó agus b'fhearr le muintir na n-oileán anois dul chun na Gaillimhe ar an eitleán.

Ceist 3

- 1) Tá deireadh ag teacht ar an chonradh idir Aer Árann agus an rialtas i gceann bliana agus tá eagla ar mhuintir na n-oileán go gcuirfeadh deireadh leis an tseirbhís mura mbeidh cúnamh airgid le fáil ón rialtas.
- 2) Teachtaí Dála agus ionadaithe éagsúla pobail.
- 3) Beidh an t-oileán scartha amach ar fad ón tír mhór agus cuirfidh sé sin isteach ar gach gné den saol eacnamaíoch – fostaíochta, turasóireachta agus srl. Ní bheidh an tsaoirse chéanna ag muintir na n-oileán taisteal agus cuirfidh sé sin isteach ar chúrsaí sláinte chomh maith.

Ceist 4

Mí Eanáir	Mí Iúil
Mí Feabhra	Mí Lúnasa
Mí an Mhárta	Mí Mheán Fómhair
Mí Aibreáin	Mí Dheireadh Fómhair
Mí na Bealtaine	Mí na Samhna
Mí an Mheithimh	Mí na Nollag

...de mhí na Bealtaine...

Ceist 5

(a) go dtacóidís, go mbeadh, bheidís, dá dtarlódh, dá mbeadh, bheadh, dá bhfaighidís, nach mbeidís, go mbeadh, dá gcuirfí, go dtacódh

(b) **Cuir:** chuirfinn, chuirfeá, chuirfeadh sé / sí, chuirfimis, chuirfeadh sibh, chuirfidís
Tarlaigh: tharlóinn, tharlófá, tharlódh sé/sí, tharlóimis, tharlódh sibh, tharlóidís

Bí: bheinn, bheifeá, bheadh sé/sí, bheimis, bheadh sibh, bheidís

Faigh: gheobhainn, gheofá, gheobhadh sí/sé, gheobhaimis, gheobhadh sibh, gheobhaidís

(c) Má = aimsir fháistineach + séimhiú / **Dá** = modh coinníollach + urú

Ceist 6

Freastail:

freastalaí

Geall:

gealltanas

Cuir:

cuireadh

Smaoinigh:

smaoineamh

Tacaigh:

tacaíocht/ tacú

Pléigh:

plé

Maolra Mac Donnchadha

D'fhreastail os cionn céad duine as Árann ar chruinniú i nGaillimh inniu mar chuid den fheachtas le seirbhísí aeir na n-oileán a choinneáil. Gheall Teachtaí Dála agus ionadaithe eile pobail a bhí ag an gcruinniú go dtacóidís le muintir Árann brú a chur ar an rialtas gan deireadh a chur leis an tseirbhís.

Máire Treasa Ní Cheallaigh

Tá imní le scaitheadh go gcuirfear deireadh le seirbhís aeir chuig na hoileáin Árann nuair a thiocas deireadh le conradh reatha atá ag Aer Árann an bhliain seo chugainn. Go dtí seo tá sé diúltaithe ag Aire Stáit na Gaeltachta Dinny McGinley tada a rá faoi chéard atá in ann don tseirbhís. Inniu chruinnigh os cionn céad i nGaillimh le cur ina luí ar ionadaithe poiblí an tábhacht a bhaineann leis an tseirbhís dar leo. Bhí go leor den imní ag baint le cúrsaí sláinte.

Pádraig Ó Fátharta

Má fheiceann daoine go mbeadh seirbhísí le gearradh bheidís ag smaoineamh orthu féin, bhuel, dá dtarlódh rud éicintⁱ, say, dá mbeadh clann óg acu nó daoine sean nó rud éicint bheadh imní orthu dá dtarlódh timpiste, dá bhfaighidís tinn go tobann agus nach mbeidís in ann dul go dtí an t-ospidéalⁱⁱ.

Máire Treasa Ní Cheallaigh

Dúradh go mbeadh cúrsaí oideachais, fostaíochta agus turasóireachta buailte dá gcuirfí deireadh leis an tseirbhís.

Pádraig Ó Catháin

Má stopann an *plane* agus má thógann siadⁱⁱⁱ an tseirbhís as, cuirfidh sé deireadh leis an oileán, cuirfidh sé siar céad bliain muid.

Mairéad Pól

Bíonn tinneas farraige orm. Dá bhrí sin níl aon éileamh agamsa ar an mbád más féidir ar chor ar bith é, agus ar an eitleán a théim i gcónaí. Agus...is maith liom sásamh beag a bhaint as mo shaol agus a bheith in ann a theacht go Gaillimh nuair atá fonn orm.

Cáit Uí Fhlatharta

Mura mbeidh an t-eitleán ann beidh mise mé féin imithe as an oileán agus tá mé dáiríre faoi sin. Tá rud éicint agamsa faoi na báid, ní fhaighim tinn orthu, níl mé scanraithe orthu, níl tada orm ach tá mé ag ceapadh go bhfuair muid an oiread de na báid fadó agus muid ag dul ar scoil agus bíonn an t-eitleán anois mo... an bóthar atá againne go Gaillimh, agamsa ar aon nós go Gaillimh.

Máire Treasa Ní Cheallaigh

Deir na hionadaithe poiblí ar fad go dtacóidh siad le hiarrachtaí mhuintir na n-oileán.

Seán Kyne TD

Tá cás an-mhaith curtha ag an choiste anseo inniu san Meyrick agus caithfidh an rialtas éisteacht leis na daoine^{iv} agus níl mise in ann a rá go bhfuil mé dóchasach faoin tseirbhís ach beidh mise ag obair go láidir is atá^v mé in ann chun an tseirbhís seo a choinneáil ar son mhuintir Árann.

Máire Treasa Ní Cheallaigh

Tá súil anois go mbeidh cruinniú le toscaireacht ó na hoileáin leis na hAirí Gaeltachta go gairid chun an cheist a phlé. Máire Treasa Ní Cheallaigh, Nuacht TG4.

-
- ⁱ *éigin* atá sa chaighdeán
ⁱⁱ *an ospidéal* a deirtear
ⁱⁱⁱ *má thógadar* a deirtear
^{iv} *le na daoine* a deirtear
^v *is a bhfuil* a deirtear